

# AN RUD IS SÚGRADH ANN

Comhairle Contaeb Átha Cliath Theas  
Beartas Súgartha 2025-2030





**Comhairle Contae Átha Cliath Theas - Beartas Súgartha**  
**Meán Fómhair 2025**

---

Stiúrthóir Seirbhísí, Gníomhú ar son na hAeráide n  
Teresa Walsh

Ceannfort Páirceanna Sinsearach  
Suzanne Furlong

Ceannfort Páirceanna Feidhmiúcháin Sinsearach  
Laurence Colleran

Oifigeach Feidhmiúcháin Páirceanna agus Tírdhreacha  
Nicholas Collins

Oifigeach Cúnta Páirceanna agus Tírdhreacha  
Hannah Johnston

Teicneoir Feidhmiúcháin  
Alan Jones

Céimí san Ailtireacht Tírdhreacha  
Nadine Martins

Scoláire san Ailtireacht Tírdhreacha  
Jan Loirenz Guia



# CLÁR NA NÁBHAR

|                                                                        |    |
|------------------------------------------------------------------------|----|
| Réamhrá .....                                                          | 04 |
| Achoimre Fheidhmeach .....                                             | 06 |
| Cúlra Beartais .....                                                   | 08 |
| Caibidil 1: Intreoir .....                                             | 11 |
| • Fís .....                                                            | 12 |
| • Raon feidhme .....                                                   | 13 |
| • An rud is súgradh ann agus an fáth go mbaineann tábhacht leis? ..... | 14 |
| • Próifíl ar Bhaile Átha Cliath Theas .....                            | 16 |
| • Cuspóirí .....                                                       | 18 |
| Caibidil 2: Treoirphrionsabail .....                                   | 21 |
| • LAPanna, LEAPanna, NEAPanna .....                                    | 22 |
| • Ordlatas agus Dáileadh Áiseanna Súgartha .....                       | 23 |
| Caibidil 3: Treoir an Fhorbróra .....                                  | 25 |
| • Soláthar súgartha i bhforbairtí nua .....                            | 26 |
| • Riachtanais ghinearálta do spásanna súgartha .....                   | 28 |
| • Comhtháthú le Gnéithe Tírdhreacha eile .....                         | 30 |
| Caibidil 4: Soláthar Súgartha CCÁCT .....                              | 33 |
| • Clár Tógála Clós Súgartha .....                                      | 34 |
| • Soláthar Súgartha atá ann Cheana .....                               | 36 |
| • Spásanna do Dhéagóirí .....                                          | 39 |
| • Comhairliúchán le Leanaí .....                                       | 41 |
| • Comhairliúchán le Déagóirí .....                                     | 43 |
| Caibidil 5: Deiseanna inrochtana agus cothroma don spraoi .....        | 46 |
| • Trealamh Inrochtana .....                                            | 47 |
| • Timpeallachtaí Oiriúnacha don Uathachas .....                        | 50 |
| • Cláir Chumarsáide .....                                              | 51 |
| Caibidil 6: Súgradh Lasmuigh den Chlós Súgartha .....                  | 54 |
| • Sráideanna spráíula .....                                            | 56 |
| • Leabharlanna .....                                                   | 56 |
| Caibidil 7: Conclúid .....                                             | 58 |





## TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA CCÁCT AN COMHAIRLEOIR PAMELA KEARNS

Tá áthas orm an Beartas Súgartha nua seo a thabhairt isteach, a léiríonn diantiomantas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas tacú le leanaí, teaghlaigh, agus pobail tríd an súgradh.

Is fórsa cumhachtach é an súgradh. Cabhraíonn sé le leanaí fás, fiosrú agus a bheith faoi bhláth. Tógann sé muinín, spreagann sé samhlaíocht, agus cuireann sé folláine coirp agus mhothúchánach chun cinn. Chomh tábhachtach céanna, tugann súgradh daoine le chéile. Bíonn ceantair níos nasctha, spásanna poiblí níos oscailte, agus pobail níos láidre dá bharr.

Baineann an beartas seo le soláthar áiseanna súgartha i spásanna lasmuigh gníomhacha do chaithimh aimsire, lena n-áirítear páirceanna agus spásanna oscailte. Tá fíis leagtha amach ann de chontae ina bhfuil an súgradh ríthábhachtach do shaol sona sláintiúil. Tacaíonn sé le deiseanna súgartha atá sábháilte, ionchuimsitheach agus mealltach do gach leanbh agus duine óg a chur ar fáil, beag beann ar chúlra ná ar chumas.

Cuireann sé i gcuimhne dúinn chomh maith nach don aos óg amháin atá súgradh, go gcuireann sé le beocht agus brí ár gcuid spásanna comhroinnte agus go dtairbhíonn gach duine a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath Theas de.

Tá áiseanna nua agus feabhsaithe forbartha do leanaí agus do dhéagóirí ar fud an chontae de thairbhe deich mbliana infheistíochta. Agus infheistíocht á déanamh i súgradh, tá infheistíocht á déanamh sa phobal. Tá mé bródúil a bheith ag tacú le beartas a chuireann leanaí agus teaghlaigh ag croílár iarrachtaí pleanála, dearthóireachta, agus beatha in Átha Cliath Theas. Cinnteoidh an gealltanas sin go spreagfaidh ár gcuid spásanna comhroinnte ildánacht, go neartóidh siad naisc, agus go bhfanfaidh siad bríomhar do na glúnta atá le teacht.





## TEACHTAIREACHT Ó PHRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN CCÁC COLM WARD

Tá an súgradh ag croílár na bpobal rathúil ionchuimsitheach agus aithnímid go bhfuil rochtain ar dheiseanna súgartha d'ardchaighdeán rithabhachtach ó thaobh sláinte, fholláine agus fhorbairt ár gcuid leanaí agus ár gcuid daoine óga. Le bliana beaga anuas, tá súgradh leabaithe againn mar phríomhghné de roinnt dár spásanna poiblí, dár bpleanáil comharsanachta agus dár dtacaíochtaí pobail. Déanann ár mbeartas forbairt air sin, ag cruthú todhchaí ina bhfuil an súgradh mar phríomhghné an tsaoil áitiúil.

Tá bród orainn as an dul chun cinn atá déanta súgradh a chur ar fáil do chách trí mheascán de dhearadh tuisceanach, rannpháirtíocht an phobail, agus dár dtiomantas tréan d'ionchuimsitheacht. Thacaigh infheistiú €6.25m i spásanna súgartha agus spásanna do dhéagóirí lena chur i gcrích, thar thréimhse deich mbliana, le gréasán clós súgartha poiblí sa chontae á mhéadú ó naoi n-áis go níos mó ná seachtó spás súgartha a fhreastalaíonn ar réimse éagsúil riachtanas.

Is gealltanais as an nua atá sa bheartas seo chomh maith le deireadh a chur le bacainní súgartha chun gur féidir le gach leanbh taitneamh a bhaint as timpeallachtaí súgartha sábháilte, ildánacha agus mealltacha atá gar don bhaile. Aithnímid an luach uathúil a bhaineann le nasc a dhéanamh idir leanbh agus an dúlra, agus coinneoidimid orainn cur le deiseanna fiosrúcháin, cruthaitheachta agus eachtraíochta inár gcuid páirceanna, glasbhealaí, coillte agus spásanna oscailte. Ina theannta sin, baineann an treoraíocht sa bheartas seo leas as ár gcuid taithí agus saineolais atá ag dul i méid chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar súgartha den chaighdeán is airde a chur ar fáil agus é mar phríomhghné d'fhorbairtí cónaithe nua.

Leanfaimid orainn ag obair le leanaí agus lena dtuismitheoirí, agus le grúpaí pobail, le hoideoirí, le saineolaithe sláinte, le hoibreoirí tacaíochta agus leo siúd a bhfuil baint acu le forbairt, chun freastal ar riachtanais gach duine in Áth Cliath Theas, agus táimid ag súil go mbeidh an beartas seo mar threoir agus mar ábhar spreagtha a chinnteoidh go mbeidh an súgradh faoi bhláth mar phríomhghné an tsaoil anseo.



Is ceart bunúsach daonna é an súgradh atá ríthábhachtach don óige, agus bunriachtanach do shláinte, d'fhorbairt agus d'fholláine leanaí. Le blianta beaga anuas, tá súgradh faoin aer i measc gasúr a bhfuil cónaí orthu i gceantair uirbeacha tite i laige, á spreagadh ag níos mó ama á chaitheamh ar scáileán agus imní maidir le trácht agus sábháilteacht. Cuireann sé sin le níos lú gníomhaíocht coirp, murtall níos fairsinge i measc leanaí, imní, agus ganntanas deiseanna d'fhorbairt shóisialta. Is gá pleanáil agus infheistíocht chúramach a chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí súgartha mealltacha faoin aer le dul i ngleic leis an treocht sin. Tugtar breac-chuntas sa Bheartas Súgartha seo ar thiomantas CCÁCT go bhfuil rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fud an Chontae ar dheiseanna súgartha éagsúla d'ardchaighdeán. Ag tarraingt ar dheich mbliana infheistíochta, am ar tháinig fás ar líon na gclós súgartha poiblí ó 9 go 70, tá leagtha amach sa bheartas seo fíis shoiléir chun an súgradh a leabú i saol laethúil Átha Cliath Theas.

Leagtar amach sa bheartas an méid seo a leanas:

**Fíis don Súgradh** a thacaíonn le cearta leanaí súgradh go hoscailte, go sábháilte, agus go hildánach, i limistéir shúgartha ainmnithe agus i spásanna poiblí ar fud an chontae.

**Próifíl spásúil** d'Áth Cliath Theas lena chinntiú go ndáilfear soláthar súgartha go cothrom agus go bhfreastalófar ar riachtanais atá ag teacht chun cinn i bpobail atá seanbhunaithe agus i bpobail atá ag fás.

**Cuspóirí agus prionsabail dearthóireachta shoiléire** a chuireann timpeallachtaí súgartha inrochtana, dúlra-bhunaithe, agus ionchuimsitheacha chun cinn, lena n-áirítear dea-chleachtais ó thaobh ábhar, dearadh uilíoch, agus sábháilteachta de.

**Treoir d'fhorbóirí agus pleanálaithe** le súgradh a chomhtháthú i bhforbairtí cónaithe, a chinnteoidh go mbeidh an súgradh mar phríomhghné de chomhforbairt áite.

**Fócas ar an bplé le leanaí agus daoine óga,** agus aitheantas á thabhairt go bhfuil a gcuid tuairimí tábhachtach agus spásanna ina bhfásann siad aníos iontu á bhforbairt.

**Tuiscint níos leithne ar an súgradh** a tharchéimníonn clóis súgartha thraidisiúnta agus a áiríonn leabharlanna, scoileanna, sráideanna, agus tírdhreacha nádúrtha agus spásanna eile a fhreastalaíonn ar dhéagóirí.

Is dearbhú atá sa bheartas seo ar thiomantas fadtéarmach CCÁCT Contae fabhrach don súgradh a fhorbairt inar féidir le gach leanbh a bheith faoi bhláth agus aithníonn sé go bhfuil riachtanais súgartha agus fóillíochta ar leith ag déagóirí. Tá sé tiomanta spásanna ionchuimsitheacha a chruthú ina bhfuil fáilte roimh dhéagóirí. Ghlac CCÁCT le samhail Fields in Trust (FiT) mar chreat treorach do sholáthar súgartha le cur chuige leanúnach, cothrom, agus fianaisebhunaithe a chinntiú ar fud an Chontae. Leagann an tsamhail FiT tagarmharcanna soiléire amach maidir le líon, cáilíocht, agus rochtain ar limistéir shúgartha, rud a éascaíonn riachtanas áitiúil a mheas agus infheistíocht straitéiseach a threorú i bhforbairtí reatha agus nua.

Tríd an tsamhail seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh CCÁCT bearnaí i soláthar a shainaithint, dáileadh cothrom deiseanna súgartha a chur chun cinn, agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh agus duine óg, cuma faoin áit a bhfuil siad ag cur fúthu, ar spásanna sábháilte, mealltacha, agus ionchuimsitheacha laistigh d'achar réasúnta óna dteach.



**Limistéar Áitiúil Súgartha (LAP)**, spás oscailte beag le go mbeadh páistí an-óg in ann súgradh gar dá dtithe, laistigh de 100 méadar go hidéalach. Ba cheart go gclúdódh LAP 100 méadar cearnach ar a laghad, ar féidir é a dháileadh feadh bealaí súgartha laistigh d'fhorbairt.

**Limistéar Áitiúil Cóirithe Súgartha (LEAP)**, spás oscailte tiomnaithe le trealamh súgartha do leanaí a bhíonn ag imirt go neamhspleách nó le tuismitheoirí. Ba cheart go mbeadh rochtain shábháilte air ó 400 méadar ó gach teach, é lonnaithe go lárnach laistigh d'fhorbairtí, agus saor ó bhaic mhóra amhail príomhbhóithre. Cuirtear eispéiris éagsúla spreagúla ar fáil in LEAPanna trí úsáid as trealamh agus gnéithe ón dúlra, agus caithfidh go mbeadh ar a laghad 400 méadar cearnach iontu.

**Limistéar Comharsanachta Cóirithe Súgartha (NEAP)**, spás mór oscailte deartha den chuid is mó do leanaí níos sine agus neamhspleáiche, ach ina bhfuil deiseanna súgartha do leanaí níos óige chomh maith. Ba cheart go mbeadh rochtain shábháilte air ó 1,000 méadar ó áitribh agus go mbeadh ar a laghad 1,000 méadar cearnach ann. Cuirtear raon níos leithne súgradh agus caithimh aimsire aoisoiriúnacha ar fáil in NEAPanna, lena n-áirítear trealamh níos dúshlánaí, spás do chluichí i ngrúpaí, agus suíocháin agus foscadh le buaileadh le daoine.

Cé nár pháirt de chaighdeán FiT é déanfaidh CCÁCT iarracht spásanna do dhéagóirí a lonnú 1000 méadar ó thithe.





# CÚLRA BEARTAIS

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL)

Mar a luaitear ar airteagal 31 den CNACL aithnítear ceart gach linbh scíth a ligean, am saor a bheith aige, agus súgradh, chomh maith lena cheart páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta. Cuirtear i dtábhacht ann am agus deis a thabhairt do leanaí bheith a plé le caithimh aimsire oiriúnach dá n-aois agus dá bhforbairt. Ina theannta sin, ligean sé do rialtais an fhreagracht a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíontar na cearta sin trí thimpeallachtaí inar féidir le leanaí páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire a chur chun cinn agus tacú leo.



## Beartas Náisiúnta um Shúgradh - Ready, Steady, Play

Tugtar achoimre sa bheartas seo ar thábhacht an tsúgartha i bhforbairt leanaí agus tugtar cur chuige struchtúrtha chun tacú leis. Cuirtear i dtábhacht ann ar ról daoine óga i gcruthú a gcuid eispéiris súgartha féin agus ar chinntiú go bhfuil rochtain ag gach páiste, is cuma faoi aois nó cumas, ar spásanna súgartha. Molann an cháipéis comhoibriú idir an rialtas agus pobail áitiúil le feabhas a chur ar thimpeallachtaí súgartha.

## Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023–2028

Neartaíonn an beartas seo cúig phríomhthoradh atá dírithe ar thacú le leanaí a bheith gníomhach, sláintiúil, sábháilte, slán ar bhonn eacnamaíoch, agus páirteach ina bpobail. Is tábhachtach go n-aithnítear sa chreat an ról atá ag súgradh i bhforbairt coirp agus intinne leanaí, agus tá sé tiomanta níos mó deiseanna súgartha a chur ar fáil, go háirithe trí thimpeallachtaí faoin aer agus ionchuimsitheacha.

## Plean Forbartha Chontae Átha Cliath Theas 2022–2028

Tá an plean uile-Chontae seo i bhfeidhm do na blianta 2022–2028 agus is é cuspóir na cáipéise cuir chuige straitéiseacha i leith athrú aeráide, oidhreacht chultúir, sláinte, timpeallachtaí tógtha, inbhuanaitheacht, fuinneamh agus forbairt bonneagair ghlais fhoriomláin a chur ar fáil maidir le soláthar leanúnach súgartha nádúrtha.



## Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2025–2029

Leagtar amach sa cháipéis straitéiseach seo conas atá sé i gceist ag an gComhairle páirceanna agus spásanna oscailte poiblí a chosaint, a bhainistiú, a chur ar fáil agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais an lae inniu agus amach anseo. Leagann sí béim ar luach páirceanna do phobail agus don dúlra, déanann sí measúnú ar spásanna reatha, agus leagann sí amach cuspóirí maidir le rochtain chothrom ó thaobh spóirt agus caitheamh aimsire de.



## Caighdeán Fields in Trust (FiT)

Ghlac Comhairle Contae Átha Cliath Theas le samhail Fields in Trust (FiT) mar chreat teorach do sholáthar súgartha le cur chuige leanúnach, cothrom, agus fianaise-bhunaithe a chinntiú ó thaobh pleanála agus dáileadh spásanna súgartha ar fud an Chontae de. Leagann an tsamhail FiT tagarmharcanna soiléire amach maidir le líon, cáilíocht, agus rochtain ar limistéir shúgartha, rud a éascaíonn riachtanas áitiúil a mheas agus infheistíocht straitéiseach a threorú i bhforbairtí reatha agus nua.











# CAIBIDIL 1

# INTREOIR





**Samhlaíonn CCÁCT Contae  
ina bhfuil rochtain ag gach  
leanbh ar spásanna súgartha  
sábháilte d'ardchaighdeán  
gar don bhaile atá  
ionchuimsitheach,  
dúlra-nasctha agus a  
thacaíonn lena sláinte,  
sonas agus folláine.**





Tugtar breac-chuntas sa Bheartas Súgartha seo ar thiomantas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ceart gach linbh agus duine óg súgradh gan srian sa chontae a chur chun cinn, a chosaint, agus a fheabhsú. Aithnítear sa bheartas go bhfuil an súgradh rithábhachtach don óige, agus bunriachtanach d'fhorbairt, d'fholláine agus do chuimsiú sóisialta sláintiúil leanaí. Aithnítear sa bheartas go ndéantar súgradh in iliomad bealaí, ó úsáid trealamh traidisiúnta ar chlós súgartha go deiseanna neamhfhoirmeálta, nádúrtha, agus teagmhasacha i bpáirceanna agus spásanna oscailte.

Baineann raon an bheartais seo le gach páiste agus duine óg ó bhreith suas go 18 mbliana d'aois. Aithnítear ann riachtanais éagsúla laistigh de dhaonra an chontae, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí ó chúlraí mionlaigh, agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Cuirtear ar bun sa bheartas seo creat do gach páirtí leasmhar a bhíonn bainteach le planáil, forbairt, bainistiú, agus cothabháil spásanna súgartha in Áth Cliath Theas. Leagtar amach ann sraith shoiléir treoírphrionsabal le cinntiú go bhfuil soláthar súgartha ar fud an chontae ionchuimsitheach, inrochtana, sábháilte, inbhuanaithe, agus go léiríonn sé riachtanais éagsúla an phobail.

Tá áiteanna súgartha do leanaí fiorthábhachtach mar spásanna sóisialta, ní hamháin do leanaí agus do dhaoine óga, ach do thuismitheoirí, do chúramóirí, agus don phobal níos leithne chomh maith. Ba cheart go spreagfar leanaí agus daoine óga sna timpeallachtaí seo am a chaitheamh go gníomhach, nascadh leis an dúlra, rioscaí soláimhsithe a thógáil i suíomh ina n-airíonn siad sábháilte, agus, rud atá tábhachtach, ina ndéanann siad súgradh.

Cé acu i gceantair thuaithe nó uirbeacha atá siad suite, d'fhéadfadh go mbeadh sráideanna cónaithe, cearnóga baile, páirceanna, clóis súgartha, spásanna do dhéagóirí, coillte nó limistéir oscailte in eastáit tithíochta bheith i gceist leis na spásanna sin. Sa chomhthéacs sin, tuigtear “súgradh” mar rud roghnaithe gan srian agus féinstiúrtha; mar sin, sáraíonn spóirt eagraithe agus imeachtaí fóillíochta struchtúrtha ina bhfuil rialacha foirmeálta agus maoirsithe scóip an bheartais seo. Cabhróidh an beartas seo leo siúd a bhfuil sé de dhualgas orthu spásanna súgartha a dhearadh chun a chinntiú go mbeidh súgradh mar phríomhthosaíocht acu. Tá sé mar aidhm againn contae súgartha a chruthú, ina bhfuil deiseanna súgartha ar fáil i ngach áit nach bhfuil teoranta do chlós súgartha traidisiúnta amháin agus ina bhfuil fócas láidir ar dhearadh oiriúnach do leanaí don réimse poiblí.

Ba phríomhpháirt de chur i bhfeidhm an bheartais é iniúchadh iomlán a dhéanamh ar spásanna súgartha reatha sa chontae. Rinneadh iniúchadh ar an méid a leanas:

- Suíomh, rochtain, agus bail áiseanna súgartha
- Na haoisghrúpaí a bhfreastalaíonn siad orthu;
- Clúdach agus líon píosáí trealaimh i ngach spás súgartha.

Tacóidh torthaí an iniúchta le plan gníomhaíochta spriocdhírithe a fhorbairt chun deiseanna súgartha ar fud an chontae a fheabhsú agus a mhéadú. Cinnteoidh monatóireacht leanúnach go mbeidh soláthar súgartha freagrúil do riachtanais an daonra atá ag dul i méid in Átha Cliath Theas.



# AN RUD IS SÚGRADH ANN AGUS AN FÁTH GO mBAINEANN TÁBHACHT LEIS?

Is cuid bhunúsach agus riachtanach é an súgradh den óige. Is gníomh a roghnaítear gan srian é, atá stiúrtha go pearsanta, agus mealltach ann féin a chuireann gníomhaíocht coirp agus intinne chun cinn. Bíonn leanaí ag súgradh as a stuaim féin, ní mar go ndeirtear leo déanamh amhlaidh. Tugann an tsaoirse sin deis dóibh a saol sóisialta, fisiciúil, agus samhailteach a fhiosrú ar bhealaí fiúntacha. Trí mheán an tsúgartha, féadfaidh leanaí raon solúbtha de fhreagraí ar dhúshláin a chumadh, foghlaimíonn siad conas oiriúnú, fadhbanna a réiteach, agus iad féin a chur in iúl go cruthaitheach.

**Tá súgradh lárnach i sonas, sláinte agus forbairt leanaí.** Tacaíonn sé le fás scileanna cognaíocha, sóisialta, mothúcháin agus fisiciúla agus cabhraíonn sé le leanaí ciall a bhaint as an domhan thart timpeall orthu. Ní caitheamh aimsire gan mhaith atá ann, agus aithnítear an súgradh go hidirnáisiúnta mar cheart an duine. Aithnítear in Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ceart gach linbh scíth a ligean, am saor a bheith aige, agus súgradh i suíomh aoisoiriúnach, agus plé le himeachtaí fóillíochta.

Léiríonn taighde go bhfuil tairbhe dhíreach ag an súgradh le **folláine coirp** trí ghluaiseacht agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn, bunriachtanais chun bac a chur le murtall agus fadhbanna sláinte gaolmhara. Léiríonn staidéir nasc idir meath an tsúgartha coirp agus tuilleadh ama ar scáileán agus iompar neamhghníomhach i measc leanaí. É sin ráite, cabhraíonn súgradh rialta faoin aer agus gníomhach le leanaí cloí le moltaí laethúla maidir le haclaíocht coirp agus tacaíonn sé le folláine fhoriomlán. Tá buntáistí maidir le **meabhairshláinte** chomh tábhachtach céanna. Cruthaítear spás sábháilte do leanaí mothúcháin a phróiseáil, strus a ísliú, agus athléimneacht a fhorbairt tríd an súgradh. Tá seans níos lú go mbuailfeadh imní nó dúlagar leanaí a bhíonn ag plé le himeachtaí súgradh-bhunaithe. Ligeann súgradh dóibh mothúcháin chasta a chur in iúl, straitéisí chun déileáil le cúrsaí an tsaoil a chleachtadh, agus rialú mothúcháin a fhorbairt. Tá luach ar leith ag baint leis do leanaí a bhfuil deacrachtaí acu iad féin a chur in iúl, agus tugann sé modh cumarsáide agus tuisceana eile dóibh.

Tá nasc láidir chomh maith idir forbairt shóisialta agus súgradh. Trí mheán an tsúgartha, foghlaimíonn leanaí conas roinnt, **comhoibriú, idirbheartaíocht a dhéanamh, coimhlintí a réiteach**, agus glacadh le róil dhifriúla. Cuireann na luatheispéiris shóisialta seo bunús ar fáil do chomhbhá, do cheannaireacht, agus d'fhéinabhcóideacht. Ligeann **súgradh samhlaíoch agus cur i gcéill** do leanaí caidreamh a fhiosrú, cúrsaí fíorshaoil a chleachtadh, agus aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí i suíomh sábháilte.

Tá béim leagtha le fada ar ról an tsúgartha i **bhforbairt chognaíoch** sna teoiricí oideachasúla. Cuireann súgradh ar chumas leanaí eolas a chruthú trí iniúchadh agus fionnachtain. Spreagann sé fiosracht, **réiteach fadhbanna, agus machnamh solúbtha**. Ar bhealach neamhstruchtúrtha, cothaíonn súgradh leanbh-threoraithe scileanna cinnteoireachta agus tacaíonn sé le hullmhacht acadúil trí achar airde, inspreagadh agus iompraíocht foghlama a fheabhsú. Leagann taighde béim ar an nasc láidir idir an súgradh agus an fhoghlaim, rud a thugann le fios go bhfuil baint dhíreach ag an súgradh leis an oideachas. Ní só atá sa súgradh. Is riachtanas bitheolaíoch, síceolaíoch, agus sóisialta é. Is tríd a fhoghlaimíonn leanaí fúthu féin agus faoin domhan, a chruthaíonn siad caidreamh, agus a fhásann siad. Teanga leanaí atá sa súgradh agus tá sé mar chreatlach d'fhorás sláintiúil i ngach gné den saol. Cuireann dea-eispéiris súgartha go mór le folláine shóisialta, intinne, agus mhothúcháin dhearfach, rud a ligeann do leanaí mothúcháin éagsúla a fhiosrú agus a phróiseáil taobh istigh de thimpeallacht shlán. Feabhsaíonn agus neartaíonn an súgradh gach a bhfoghlaimítear i suíomh oideachas foirmeálta agus i suíomh neamhfhoirmeálta, agus aithnítear go forleathan é mar bhunriachtanas i bhfás cognaíoch agus i bhfócas leanaí. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn páirtithe leasmhara go bhfuil fáil ag leanaí ar mheascán maith de shúgradh eagraithe agus de shaorshúgradh agus am saor acu.



**“Is gníomh é an súgradh a roghnaítear gan srian é, atá stiúrtha go pearsanta, agus mealltach ann féin...”**






# PRÓIFÍL AR CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Tá daonra Chontae Átha Cliath Theas ag dul i méid go leanúnach le 10-20 bliain anuas. Cé gur tháinig maolú ar an ráta fáis idir 2002 agus 2006, cuireadh le fás foriomlán ó shin i leith de 24.94% (+62,240 duine) idir 2002 agus 2022. De réir Dhaonáireamh 2022 tá daonra 301,075 duine ina gcónaí in 100,364 teach cónaithe sa Chontae. Sin méadú díreach os cionn 8% ón daonáireamh roimhe sin in 2016. Is ionann é agus ráta fáis Chathair Átha Cliath.

De réir Dhaonáireamh 2022 tá 76,456 duine faoi 18 mbliana d'aois, a sheasann do 25.4% den daonra iomlán, a chiallaíonn go bhfuil Contae Átha Cliath Theas ar cheann de na Contaetha is óige in Éirinn.



## ÚSÁIDEOIRÍ AN BHEARTAIS SÚGARtha

Ullmhaíodh an beartas dóibh seo a leanas:

**Pobail áitiúla:** Chun cabhrú le cónaitheoirí agus grúpaí pobail cur chuige na Comhairle i leith an tsúgartha a thuiscint, agus leibhéal na n-áiseanna agus ndeiseanna a mbeadh coinne leo.

**Foireann na comhairle:** Chun treoir a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag plé le spásanna súgartha a phleanáil, a dhearadh, a chothabháil, agus a chur chun cinn le dea-chleachtais a léiriú agus freastal ar riachtanais éagsúla.

**Earnáil phríobháideach:** Chun ionchais na Comhairle i leith an tsoláthair súgartha i bhforbairtí agus i dtograí nua a shoiléiriú d'fhorbróirí, do dhearthóirí agus do sholáthraithe seirbhísí.







1. Sláinte agus folláine leanaí a chur chun cinn, súgradh a aithint mar bhunriachtanas maidir le forbairt coirp, intinne agus shóisialta, agus a chinntiú go dtacaíonn gach deis súgartha le hóige níos sona sláintiúla a bhaint amach.
2. Spásanna súgartha a dhearadh atá spraiúil, mealltach, agus lán le deiseanna cruthaitheachta, fionnachtana, agus súgradh gníomhach.
3. Ionchuimsitheacht agus rochtain a chur chun cinn, lena chinntiú go mbainfidh gach páiste, is cuma faoina chumas, tairbhe a bhaint as an súgradh.
4. An súgradh a bheith i ngar don bhaile, agus áiseanna súgartha sláintiúla agus spreagthacha á gcur ar fáil faoi fhad siúil ó cheantair chónaithe.
5. Nasc a chruthú idir leanaí agus an dúlra, agus limistéir shúgartha nádúrtha a chruthú chun deis a thabhairt do leanaí nasc a dhéanamh agus dul i ngleic leis an dúlra.
6. Obair as lámha a chéile le pobail áitiúla, chun éisteacht agus comhoibriú leo, agus spásanna súgartha a chomhchruthú chun freastal ar riachtanais áitiúla.
7. Caighdeán soiléir a leagan d'fhorbróirí, ag tabhairt treoir phraiticiúil lena chinntiú go gcuireann gach forbairt nua deiseanna súgartha d'ardchaighdeán, inbhuanaithe ar fáil.











# CAIBIDIL 2

# TREOIRPHRIONSABAIL





# LAPanna, LEAPanna, NEAPanna

---

Tá treoirilínte inrochtaineachta forbartha ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas bunaithe ar chaighdeán Fields in Trust (FiT). Cabhraíonn na treoirilínte seo le forbróirí agus iad ag tabhairt faoi spásanna súgartha a phleanáil, agus le foireann na comhairle agus iad ag fiosrú chlúdach an tsoláthair shúgartha.

## Limistéar Áitiúil Súgartha (LAP):

Limistéar beag spás oscailte deartha agus leagtha amach go príomha le go mbeadh leanaí an-óg in ann súgradh gar dá n-áit chónaithe agus a bhíonn fite san fhorbairt féin. Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach teach ar spásanna súgartha **100 méadar faoi fhad siúil den teach**. Ní mór 100 méadar cearnach ar a laghad a bheith ag dul leis an achar, ach is féidir leis seo a bheith scaipthe ar fud forbartha mar pháirt de bhealaí súgartha.

## Limistéar Áitiúil Cóirithe Súgartha (LEAP):

Limistéar spáis oscailte atá deartha agus leagtha amach go sonrach le gnéithe lena n-áirítear trealamh do leanaí ag tús an aistir shúgartha neamhspleách i dteannta cairde, gan tuismitheoirí in éindí leo, agus do thuismitheoirí le leanaí óga. Ba cheart go mbeadh rochtain shábháilte ag gach leanbh ar na spásanna seo **400 méadar faoi fhad siúil de gach teach**. Ní mór dóibh a bheith i gcoirlár na láithreach agus ní ar imeall na forbartha, gan aon bhac suntasach amhail príomhbhóithre. Ba cheart go mbeadh caithimh aimsire neamhfhoirmeálta agus eispéiris súgartha éagsúla, spreagthacha agus dhúshlánacha indéanta sna spásanna. Mar shampla, trealamh agus gnéithe tírdhreacha nádúrtha a fhreastalaíonn ar chineálacha difriúla súgartha a thástálann inniúlacht coirp leanaí agus a chuireann súgradh samhlaíoch, sóisialta agus céadfach ar fáil le hábhair nádúrtha amhail gaineamh agus uisce, nó gníomhaíochtaí eile. Ní mór 400 méadar cearnach ar a laghad a bheith ag dul leis.

## Limistéar Comharsanachta Cóirithe Súgartha (NEAP):

Is limistéar spáis oscailte é seo atá deartha, leagtha amach agus cóirithe den chuid is mó do leanaí níos sine agus níos neamhspleáiche a imíonn níos faide ó bhaile ach ina bhfuil deiseanna súgartha féideartha iontu do leanaí níos óige agus do shiblíne chomh maith. Ba cheart go mbeadh rochtain shábháilte ag leanaí agus daoine óga ar na spásanna seo **1000 méadar faoi fhad siúil den bhaile**. Ní mór 1000 méadar cearnach ar a laghad a bheith ag dul leis. Ba cheart go gcuirfear eispéiris súgartha níos leithne ar fáil iontu le hais LEAP le súgradh aois-oiriúnach agus eispéiris áineasa neamhfhoirmeálta do leanaí agus daoine óga. Is é is dóichí go mbeidh trealamh agus gnéithe níos dúshlánaí iontu a fhreastalaíonn ar riachtanais leanaí níos sine agus daoine óga agus dóthain spáis iontu do chluichí grúpa níos mó agus suíocháin agus foscadh chun go bhféadfai le daoine óga bualadh lena gcairde.



# ORDLATHAS AGUS DÁILEADH ÁISEANNA SÚGARTHA

Léirítear sa tábla thíos caighdeáin ordlathais agus rochtana do limistéir Shúgartha, a chinntíonn meascán de spásanna inrochtana a fhreastalaíonn ar riachtanais cónaitheoirí an Chontae.

| Cineál Spáis Súgartha             | NEAPanna (Limistéir Chomharsanachta Chóirithe don Súgradh) | LEAPanna (Limistéir Áitiúla Chóirithe don Súgradh) | LAPanna (Limistéir Áitiúla don Súgradh) |
|-----------------------------------|------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|-----------------------------------------|
| Cineál Spáis Oscailte Phoiblí     | Páirc Réigiúnach                                           | Páirc Chomharsanachta                              | Páirc Áitiúil                           |
| Achar ó áitribh (treoirlínte FIT) | 1000 m                                                     | 400 m                                              | 100 m                                   |
| Míreanna Súgartha Iomlána         | 20 ar a laghad                                             | 10-20                                              | 5-10                                    |
| Aoisghrúpa                        | Suas le 12 bhliain d'aois                                  | Suas le 12 bhliain d'aois                          | 0-5 bliana d'aois                       |
| Spás Íosta (Treoirlínte FIT)      | 1000m <sup>2</sup>                                         | 400 m <sup>2</sup>                                 | 100m <sup>2</sup>                       |

## SAMPLAÍ I gCONTAE ÁTHA CLIATH THEAS



NEAP: Páirc Ghleann an Ghrífin



LEAP: Páirc Shruthán Liam



LAP: Páirc Abhainn Bheag



NEAP: Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin



LEAP: Páirc Lána Tandy



LAP: Cluain Buiríosa







CAIBIDIL 3

# REOIR AN FHORBRÓRA





**Leagtar bunriachtanais do sholáthar súgartha i bhforbairtí nua amach i bPlean Forbartha an Chontae.**

**Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) na dúshlán phraiticiúla agus lóistíochtúla a d'fhéadfaí a chur ar fhorbróirí dul i ngleic leo agus iad ag cuimsiú an tsúgartha i ndearadh do limistéir chónaithe nua. Mar sin féin, creidimid go láidir chomh maith gur príomhghné d'fhorbairt pobail fholláine, bhríomhara, agus ionchuimsitheacha atá i ndeiseanna súgartha d'ardchaighdeán.**

**Chun tacú leis sin, tá an chaibidil thiomnaithe seo cruthaithe againn chun treoir shoiléir a chur ar fáil conas gur féidir na bunphrionsabail a bhfuil achoimre déanta orthu inár mBeartas Súgartha a chur i bhfeidhm i bhforbairtí nua. Ar fhorbróirí, pleanálaithe, ailtirí, agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile a bhfuil baint acu le dearadh agus seachadadh timpeallachtaí cónaithe atá an chaibidil seo dírithe. Leagtar amach sa chaibidil seo uirlisí agus treoir chuí d'fhorbróirí a ndualgas a chomhlíonadh agus i bhfad níos mó ná sin, ag tabhairt lámh chúnta ceantair a mhúnlú ina bhfuil leanaí sofheicthe, ina léirítear meas dóibh, agus ina bhfuil siad in ann súgradh gan srian.**

## **SOLÁTHAR SÚGARTHA I bhFORBAIRTÍ NUA**

---

Chun na leibhéil is fearr ó thaobh soláthar súgartha a bhaint amach agus chun soláthar súgartha i dtaca leis an scála forbartha a thuiscint níos fearr, tá treoir ar fáil thíos maidir leis an meascán de spásanna súgartha difriúla ar cheart dóibh freastal ar fhorbairtí de mhéideanna difriúla agus, mar sin, de líonta spásanna súgartha difriúla.

**10 go 20 áitreabh:** ba cheart go mbeadh 1 Limistéar Áitiúil Súgartha (LAP) ar a laghad inti.

**Idir 21 agus 100 áitreabh:** ba cheart go mbeadh 2 Limistéar Áitiúil Súgartha (LAPanna), nó 1 Limistéar Áitiúil Cóirithe Súgartha (LEAPanna) agus spásanna súgartha neamhfhoirmeálta ar a laghad inti.

**Idir 100 agus 500 áitreabh:** ba cheart go mbeadh 1 Limistéar Áitiúil Súgartha (LAP), 2 Limistéar Áitiúil Cóirithe Súgartha (LEAPanna) agus spásanna súgartha neamhfhoirmeálta ar a laghad inti.

**Níos mó ná 500 áitreabh:** ba cheart go mbeadh gach cineál spáis súgartha do gach aois, 1 Limistéar Comharsanachta Cóirithe Súgartha (NEAP), 2 Limistéar Áitiúla Cóirithe Súgartha (LEAP), 2 Limistéar Áitiúil Súgartha (LAP) inti.

Mura féidir leis an bhforbróir áiseanna súgartha a chur ar fáil laistigh den suíomh forbartha, de réir beartais i bPlean Forbartha an Chontae, seans go dtabharfaí cead dó trealamh a chur ar fáil i bpáirc nó spás oscailte eile a fhreastalódh ar an bhforbairt.







# RIACHTANAIS GHINEARÁLTA DO SPÁSANNA SÚGARTHA

Chun na spásanna súgartha is fearr a chur ar fáil, tá sé phríomhriachtanas do sholáthar súgartha cruthaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Treoraíonn na prionsabail seo forbairt gach clóis agus spáis shúgartha nua, rud a chinntíonn cur chuige comhtháite agus leanúnach a thacaíonn le sláinte, cruthaitheacht agus nasc leanaí leis an dúlra.

## 1. Cineálacha Éagsúla Súgartha

Ní mór do sholáthar tacú le raon leathan na gcineálacha éagsúla súgartha coitianta a mbíonn leanaí ag plé leo. Áirítear leis seo:

Súgradh fisiciúil: dreapadh, rith, léimneach, cothromú, brú.

Súgradh samhlaíoch: rólímirt, scéalaíocht, fantaisíocht, saorshúgradh.

Súgradh sóisialta: cluichí i ngrúpaí, súgradh comhoibritheach.

Súgradh cruthaitheach: tógáil, ábhair a láimhsiú.

Súgradh céadfach: bheith ag plé le huigeachtaí, le huisce, le fuaim, le solas, le spásanna ceilte, agus le spásanna ciúine.

Súgradh tógálach: tochailt, bailiú, idirghníomhú leis an dúlra, ceapadh.

Súgradh rioscúil: airdí a dhreapadh, rudaí a bhogadh, dul i ngleic le talamh mhíchothrom.

## 2. Spásanna súgartha aoisoiriúnacha

Trealamh súgartha, deiseanna súgartha agus súgradh dúlra-bhunaithe a fhreastalaíonn ar leanaí d'aoisghrúpaí difriúla san áireamh.

0-5 (súgradh céadfach, súgradh le gaineamh/uisce, súgradh samhlaíoch)

6-12 (súgradh fisiciúil, súgradh sóisialta, súgradh rioscúil)

13+ (spásanna pobail, áiteanna d'imeachtaí i ngrúpaí, deiseanna do ghníomhaíocht choirp)

## 3. Dearadh inrochtana agus ionchuimsitheach

Déanann dearadh inrochtana cinnte de go bhféadfaí leanaí de gach leibhéal cumais leas a bhaint as timpeallachtaí súgartha, lena n-áirítear iad siúd atá faoi míchumais choirp, agus a bhfuil NHEA, nó deacrachtaí céadfacha eile orthu. Baineann ár gcur chuige leas as 7 bprionsabal an dearaidh uilíoch, a chinntíonn úsáid chothrom, solúbthacht, agus eispéiris súgartha iomasacha. Déanaimid trealamh a thástáil le húsáideoirí cathaoireacha rothaí agus eile a bhfuil riachtanais dhifriúla orthu, agus téann dearáí in oiriúint dóibh bunaithe ar an aiseolas chun baic a bhaint agus rannpháirtíocht a fheabhsú. Déanaimid taighde ar threalamh inrochtana chun rogha leathan eispéireas a chur ar fáil dár gcónaitheoirí. Cinntíonn sé seo go bhfuil spásanna inrochtana go fisiciúil agus mealltach, spreagúil, agus tacúil maidir le réimse leathan cumas. Chun tuilleadh eolais a fháil gabh chuig Caibidil 5.

## 4. Súgradh Nádúrtha a Fhorbairt

Cruthaítear deiseanna simplí súgartha laistigh de thimpeallachtaí faoin aer trí shúgradh nádúrtha, agus breathnaítear orthu mar spásanna gan srian inar féidir le leanaí fiosrúchán a dhéanamh agus dul ag eachtraíocht. Cuireann spásanna nádúrtha súgartha CCÁCT a leanas chun cinn:

- Teagmháil dhíreach le heilimintí nádúrtha amhail plandaí, uisce, ithir, agus gaineamh.



- Deiseanna súgartha éagsúla neamhstruchtúrtha a spreagann an tsamhlaíocht agus an ghluaiseacht. Spreagtar leanaí chun rith, léim, luascadh, dreapadh agus iad féin a chur in iúl go fisiciúil.
- Rannpháirtíocht níos mó leis an dúlra, a thacaíonn le folláine coirp agus intinne.
- Is minic a chuimsíonn dearaí gnéithe cosúil le carraigeacha, lomáin agus plandáil nádúrtha, déanmhais sailí, agus limistéir foscaidh, rud a fhágann go bhfuil gach suíomh uathúil agus fréamhaithe ina thírdhreach áitiúil.
- Spreagadh don súgradh faoi stiúir an pháiste.

Aistríonn an cur chuige seo an fócas ó threalamh go dtí an timpeallacht, rud a chinntíonn go spreagann na spásanna iad féin fiosracht agus taiscéalaíocht. Cuidíonn sé leis an gcur chuige seo tréithe an tsuímh atá ann cheana a chur san áireamh sa dearadh.

Nuair is féidir, ba cheart spás leordhóthanach a chur ar fáil le haghaidh súgradh gníomhach chun go mbeidh leanaí in ann rith go héasca.

## 5. Ábhair Inbhuanaithe a Úsáid

Tugann CCÁCT tús áite d'ábhair inbhuanaithe agus nádúrtha chun freagracht chomhshaoil agus luach an tsúgartha araon a chinntiú. Molaimid ábhair de bhunadh áitiúil a úsáid.

Maidir le trealamh is fearr linn adhmad chrann lócaiste mar gheall ar a mharthanacht ard agus a aeistéitic nádúrtha.

Roghnaímid carraigeacha de bhunadh áitiúil, lomáin threascartha, agus plandáil dhúchasach chun an tírdhreach mórtimpeall a léiriú.

Maidir le dromchla sábháilteachta is fearr linn gaineamh, sliseanna adhmaid, greanchloch, móineir bláthanna fiáine agus féar.

Déanaimid iarracht plaistigh agus dromchla rubair a sheachaint agus roghanna níos glaise a úsáid in n-áit sin. Molaimid ábhair athchúrsáilte a úsáid.

Ní hamháin go ndéanann na hábhair seo aithris ar thimpeallachtaí nádúrtha ach cruthaíonn siad spásanna súgartha cost-éifeachtacha atá frithsheasmhach in aghaidh loitiméireachta agus a bhfuil lorg íseal comhshaoil acu.

## 6. Comharthaíocht

Bíonn ról tábhachtach ag comharthaíocht maidir le faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí agus chun críocha timpistí agus damáiste a thuairisciú. Bíonn sé mar aidhm ag CCÁCT an oiread is lú téacs agus is féidir a úsáid agus picteagraim a úsáid atá éasca d'úsáideoirí clós súgartha a thuiscint.

Fágann sé sin go bhfuil daoine nach cainteoirí Béarla iad agus daoine a bhfuil deacrachtaí intleachtúla nó léitheoireachta acu in ann na comharthaí a thuiscint.

Is iad seo an fhaisnéis thábhachtach atá le comhroinnt:

- Trealamh atá ar fáil agus a oiriúnacht aoise.
- Rialacha go háirithe maidir le caitheamh tobac/alcól a ól agus madraí a thabhairt isteach i limistéar súgartha.
- Tá gealltanais tugtha ag CCÁCT siombail 'Scamhóga Óga ag Súgradh' a chur san áireamh i ngach limistéar súgartha.
- Uimhir theagmhála éigeandála agus eolas teagmhála CCÁCT.
- Clónna/méid an téacs de réir Threoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais.
- 

I gcás timpiste, d'fhéadfadh soiléireacht na comharthaíochta a bheith ina saincheist thábhachtach. Ba cheart go mbeadh gach píosa trealaimh léirithe go soiléir ar an gcomhartha, agus ba cheart go mbeadh a fhios ag an tuismitheoir an bhfuil sé oiriúnach dá leanbh.

Teagmháil a dhéanamh le CCÁCT le haghaidh riachtanais nua lógó/brandála.



# COMHTHÁTHÚ LE GNÉITHE TÍRDHREACHA EILE

Ba cheart d'fhorbróirí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe tírdhreacha atá ann cheana féin agus atá beartaithe a áireamh i ndearadh spásanna súgartha chun eispéiris súgartha atá saibhir ó thaobh an dúlra de a sholáthar. D'fhéadfadh an méid a leanas a bheith san áireamh:

**Móinéir agus féarthailte:** le haghaidh súgradh neamhstruchtúrtha, cluichí, taiscéalaíochta, agus eispéiris shéasúracha dúlra.



**Crainn agus coillte:** déanmhais súgartha nádúrtha, limistéir foscaidh agus gnáthóga a chruthú a thacaíonn le hidirghníomhaíocht le fiadhúlra.



**Srutháin, linnte, locháin agus gnéithe Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SUDS):** chun súgradh uisce sábháilte, idirghníomhach agus breathnóireacht ar an dúlra a éascú agus feidhmeanna éiceolaíocha agus draenála a chomhlíonadh ag an am céanna.



**Cnoic agus cnocáin:** chun deiseanna a sholáthar le haghaidh dreapadóireachta, rolladh, na leanaí ag fanacht ar a gcothrom agus le haghaidh súgradh samhlaíoch.

**Gnéithe tírdhreacha eile:** amhail carraigeacha, logaí, agus plandáil dhúchasach, ar féidir leo feidhmiú mar ghnéithe súgartha neamhfhoirmiúla, mar iniúchadh céadfach, agus mar dheiseanna foghlama comhshaoil.











CAIBIDIL 4

# SOLÁTHAR SÚGARTHA CCÁCT






# CLÁR TÓGÁLA CLÓS SÚGARThA

Moladh clár na Spásanna Súgartha i gComhairle Contae Átha Cliath Theas ó 2014 go 2019 mar chláir cúig bliana a raibh sé mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an easpa deiseanna súgartha ar fud an chontae. Clár nuálach a bhí ann a bhí dírithe ar leanaí a spreagadh le dul amach faoin arís aer chun páirt a ghlacadh i súgradh gníomhach, samhlaíoch, tógalach agus sóisialta. Dearadh na spásanna súgartha chun oiriúnú don áit inar suiteáladh iad. Díríonn siad ar shuíomhanna oiriúnacha a chruthú le haghaidh súgartha (seachas trealamh le go mbeidh leanaí in ann imirt leis); tá siad suite níos gaire don áit ina gcónaíonn leanaí, agus b'eim ar spásanna súgartha nádúrtha; a dhíríonn ar an gcineál súgartha is tábhachtaí do leanaí óga.


Roimh sheoladh Chláir na Spásanna Súgartha thiar in 2014, bhí easnamh suntasach spásanna súgartha le fáil i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Bhí an soláthar teoranta den chuid is mó do chlóis súgartha thraidisiúnta ina bhfuil trealamh a raibh dathanna geala air agus dromchla súgartha ar na gnéithe ba shuntasai iontu. Bhí an fócas ar shúgradh struchtúrtha seachas saorshúgradh agus súgradh nádúrtha.

Bhí sé mar aidhm ag an gclár spásanna súgartha deiseanna súgartha a chur ar fáil seachas trealamh le haghaidh súgartha amháin.

Seo thíos léarscáil chomparáide a thaispeánann an soláthar súgartha roimh sheoladh an chláir tógála clós súgartha agus an soláthar atá ar fáil inniu. Ó foilsíodh an Beartas Súgartha deireanach - Spás don Súgradh in 2006, nuair nach raibh ach naoi gclós súgartha sa Chontae, tá dul chun cinn suntasach déanta ag CCÁCT. Sa lá inniu ann, tá níos mó ná 70 spás súgartha ag an gComhairle ar fud an Chontae.



Spásanna Súgartha a bhí ann in 2015



Spásanna Súgartha atá ann

Léirítear tiomantas na Comhairle don súgradh le hinfheistíocht €6.25 milliún le deich mbliana anuas, trí spásanna súgartha nua a sholáthar, clóis súgartha atá ann cheana a uasghrádú, clóis súgartha réigiúnacha a fhorbairt, agus spásanna do dhéagóirí a chruthú.



**“Teastaíonn an tsaoirse agus an t-am ó leanaí le bheith ag súgradh, ní só atá sa súgradh, is riachtanas é an súgradh.”**

Kay Redfield Jamison





# SOLÁTHAR SÚGARTHA ATÁ ANN CHEANA

---

Mar chuid de mheasúnú ar an mbonneagar súgartha i gceantar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, rinneamar suirbhé allamuigh cuimsitheach ar na spásanna súgartha poiblí go léir laistigh de theorainn na comhairle. Chuireamar san áireamh gach spás súgartha atá inrochtana ag an bpobal, lena n-áirítear spásanna súgartha atá tógtha ag CCÁCT nó spásanna súgartha atá tógtha ag forbróirí ar spásanna oscailte poiblí in eastáit tithíochta. Tugadh cuairt ar gach spás súgartha, rinneadh mapáil orthu, agus rinneadh measúnú orthu ó thaobh suímh, áiseanna, reachta, aoise agus na n-aoisghrúpaí a bhfreastalaíonn sé orthu.

Roinneadh na spásanna súgartha ina dtrí chatagóir dhifriúla bunaithe ar líon na míreanna trealaimh mar seo a leanas:

**NEAPanna:** 20 píosa trealaimh ar a laghad

**LEAPanna:** idir 10 agus 20 píosa trealaimh

**LAPanna:** níos lú na 10 píosa trealaimh


Chun tuiscint níos fearr a fháil ar inrochtaineacht spásúil agus clúdach seirbhísí, d'fhorbraíomar anailís gheografach ag baint úsáide as criosanna maolánacha de 400 méadar ó LEAPanna agus 1000 méadar ó NEAPanna. Tá LAPanna marcáilte le ponc gan crios maolánach. Léiríonn na maoláin seo achair siúil ghearra agus mheasartha, faoi seach, agus úsáideadh iad chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a fhreastalaíonn an gréasán atá ann cheana ar an bpobal áitiúil. Níor cuireadh spásanna súgartha atá suite laistigh de choimpléasc árasán nó i gceantair nach bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu san áireamh inár n-anailís, toisc nach gcuireann siad le rochtain níos leithne don phobal; áfach, measadh fós gur soláthar súgartha áitiúil iad do chónaitheoirí na gcoimpléasc sin.

Leis an mapáil is féidir linn ceantair a fheiceáil a bhfuil soláthar maith súgartha iontu chomh maith le bearnaí seirbhíse féideartha agus deiseanna feabhsúcháin amach anseo a shainiú. Tá LEAPanna aitheanta againn a d'fhéadfaí a uasghrádú go NEAPanna ach píosaí trealaimh breise a bheith suiteáilte iontu. Is LAPanna iad formhór na spásanna súgartha, agus aithnímid cúpla ceann a d'fhéadfadh leas a bhaint as níos mó trealaimh a bheith uasghrádaithe ina LEAPanna.



# CCÁCT- Beartas Súgartha

## Léarscáil de Sholáthar Súgartha



**Míniúchán**

Ordlaithas na Spásanna Súgartha

- LAP
- LEAP (Maolán 400 m)
- NEAP (Maolán 1000 m)
- Maolán 400 m
- Maolán 1000 m
- Limistéir neamhchónaithe
- Teorainn chontae







# SPÁSANNA DO DHÉAGÓIRÍ

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar sholáthar spásanna do dhéagóirí, chuireamar maolán 1km san áireamh timpeall gach spáis déagóirí i nDeisceart Bhaile Átha Cliath. Tá 12 Spás do Dhéagóirí ann faoi láthair agus 8 spás eile beartaithe.

Creideann CCÁCT gur achar réasúnta é 1km do dhéagóirí le taisteal, bíodh sé ar shiúl na gcos, ar rothar nó ar aon bhealach eile. Seo thíos liosta de na spásanna do dhéagóirí atá ann cheana féin sa chontae agus na cinn atá beartaithe don todhchaí.

## Spásanna Súgartha Atá Ann Cheana

- Abhainn Bheag
- Páirc Bancroft
- Páirc Bhaile Mhic Craith
- Páirc na Carraige Móire
- Páirc Bhaile Choilín
- Páirc Thaobh an Chnoic
- Páirc Ghleann an Ghrífin
- Páirc Ráth Miontáin
- Coill an Rí
- Páirc Ghleanntáin an Choiréil
- Páirc Lána Tandy
- Páirc Thigh Motháin (an Tiníl)

## Spásanna do Dhéagóirí atá Beartaithe


- Páirc Chluain Dolcáin
- Páirc Ghleann na Dothra (Thoir)
- Páirc Ghleann na Dothra (Thiar)
- Páirc Scátála Ghleann an Ghrífin
- Páirc Ráth Cúil
- Páirc Sheáin Bhreathnaigh
- Páirc Chuidbhríocht
- Páirc an Teampaill Ghil

Cuireann an anailís maoláin ar ár gcumas bearnaí sa soláthar reatha a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag freastal ar cheantair dhifriúla. Tríd is tríd, tá clúdach láidir spásanna do dhéagóirí ar fud Chontae Átha Cliath Theas, rud a chinntíonn go bhfuil rochtain ag go leor daoine óga ar áiseanna tiomnaithe. Mar sin féin, leagann ár dtorthaí béim freisin ar shuíomhanna sonracha ina bhfuil soláthar teoranta nó nach bhfuil soláthar ar bith ann, rud a thugann deiseanna soiléire le fios le haghaidh infheistíocht spriocdhírthe agus forbairt bhreise chun cothromas rochtana a fheabhsú.





# Léarscáil de Bheartas Súgartha CCÁCT Spás do Dhéagóirí



## Míniúchán

- Spás do Dhéagóirí
- Spásanna do Dhéagóirí atá Beartaithe
- Spásanna do Dhéagóirí atá Beartaithe - Maolán 1km
- Spás do Dhéagóirí - Maolán 1km
- Limistéir neamhchónaithe
- Teorainn chontae







# DEARADH FAOI STIÚIR AN PHOBAIL

Leanfaidh SDCC ag obair go dlúth le pobail áitiúla lena chinntiú go léiríonn spásanna súgartha a gcarachtar, a riachtanais agus a n-aislingí. Is minic a bhíonn ceardlanna, cuairteanna scoile, laethanta súgartha, agus comhairliúcháin phoiblí i gceist leis sin, mar aon le rannpháirtíocht dhíreach le leanaí, tuismitheoirí, urlabhraithe ar son riachtanais speisialta, agus grúpaí pobail. Cothaíonn comhoibriú den chineál sin braistint úinéireachta agus cinntítear go mbíonn spásanna fáilteach, beoga agus ábhartha do na daoine a úsáideann iad.

## COMHAIRLIÚCHÁN LE LEANAÍ

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí comhairliúchán le páistí maidir le dearadh spásanna súgartha mar is iadsan na príomhúsáideoirí, agus cuidíonn a gcuid ionchuir le spásanna a chruthú atá ag teacht lena gcuid riachtanas, spéiseanna agus cumais. Dearbhaítear in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go bhfuil sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl go neamhshrianta faoi gach ábhar a bhaineann leo, agus aird chuí á tabhairt do na tuairimí sin de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.

Tá CCÁCT tiomanta teagmháil a dhéanamh le leanaí agus daoine óga i ndearadh agus i bhfeabhsú spásanna súgartha. Is féidir comhairliúchán a dhéanamh trí réimse modhanna chun freastal ar aoiseanna agus cumais dhifriúla agus d'fhéadfadh sé a bheith difriúil i bpobail éagsúla. D'fhéadfadh sé cruinnithe le cónaitheoirí, ceardlanna, cuairteanna scoile, laethanta súgartha, ceistneoirí, líníochtaí agus gníomhaíochtaí déanta mionsamhlacha a áireamh.

Is minic ar trí mheán líníochta agus an tsúgartha chruthaithí is soiléire a chuireann páistí óga a gcuid smaointe in iúl, agus freagraíonn páistí níos sine go maith do chomhráite agus comhphléití.

Cinntíonn comhairliúchán go gcloistear agus go léirítear guthanna gach duine, lena n-áirítear guthanna leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, sna spásanna súgartha a chuirimid ar fáil.

Chomh maith leis sin, rinneamar tástáil ar threalamh le húsáideoirí cathaoireacha rothaí chun inrochtaineacht a chinntiú agus thugamar cuireadh do leanaí a dtuairimí a roinnt go díreach trí chur i láthair.

Is féidir rannpháirtíocht a dhéanamh freisin trí ionadaithe ar son na n-óg, Comhairle na nÓg, agus Foróige, agus uaireanta bíonn comhairleoirí áitiúla, ionadaithe ar son daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí agus cúramóirí ag déanamh ionadaíochta ar mhianta leanaí ina bpobail.









# COMHAIRLIÚCHÁN LE DÉAGÓIRÍ

Sa bhliain 2018, chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas tús le próiseas comhairliúcháin ar fud an chontae le déagóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas. Léirigh torthaí an tsuirbhé tosaigh seo gurbh é an príomhiarratas ó dhaoine óga ná áit a bheith acu chun bualadh le chéile agus am a chaitheamh le cairde. I measc na smaointe eile a luadh go minic bhí rochtain ar áiseanna súgartha amhail luascáin, trealamh dreapadóireachta agus ziplínite, chomh maith le Wi-Fi saor in aisce, scáthlán, áit le ceol a sheinm, leithris agus scairdeáin uisce.

Le linn na gcomhairliúchán níos leithne maidir leis an gclár spásanna súgartha, is minic a chuala CCÁCT ó dhéagóirí a thuairiscigh go raibh siad ag mothú go raibh daoine fásta dá gcrá cibé áit a ndeachaigh siad. Mhóthaigh go leor díobh nach raibh fáilte rompu i lár na mbailte, lasmuigh de shiopaí, i gclós súgartha, i bpáirceanna agus fiú agus iad ina suí ag comhrá ina n-eastáit tithíochta féin. Mhínigh siad go raibh bialanna mearbhia agus ionaid siopadóireachta ina n-áiteanna a raibh tarraingt mhór orthu nó bhí siad ina spás le freastal air, deiseanna le daoine a fheiceáil agus a bheith le feiceáil, agus áit chun teacht le chéile le cairde. Shainaithin CCÁCT treocht níos leithne nach bhfuil leanaí atá ag fás aníos in Éirinn chomh gníomhach go fisiciúil ná glúnta roimhe seo. Is gnách do dhéagóirí rogha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla agus féinstiúrtha seachas spóirt struchtúrtha, agus is gné thábhachtach é seo agus áiseanna á bpleanáil dóibh.

Deimhníodh na torthaí sin le taighde a rinneadh i dteannta an chéad suirbhé. Thuairiscigh clubanna spóirt ar fud an chontae go raibh spás acu do níos mó ball is déagóirí, agus nach raibh ró-éileamh ar ionaid phobail a thairgeann gníomhaíochtaí ar nós damhsa nó drámaíochta. Neartaigh sé seo an teachtaireacht ó na comhairliúcháin nárbh iad gníomhaíochtaí níos eagraithe a bhí ag teastáil ó dhéagóirí. Ina áit sin, tháinig trí phríomhriachtanas chun cinn: áit le bheith ag crochadh thart le cairde ina raibh suíocháin agus rud éigin le déanamh; spás le haghaidh gníomhaíocht grúpa agus spraoi trí threalamh ar nós luascáin chiseáin agus dioscaí rothlacha; agus deiseanna le haghaidh gníomhaíocht coirp trí áiseanna ar nós limistéir aclaíochta, páirceanna scátála nó cúirteanna liathróide, ar leithligh ó spóirt eagraithe.

I scoileanna, comhlánaíonn scoláirí suirbhéanna ar a gcuid iPad, rud a éascaíonn do fhreagairt phras ceisteanna agus a thugann mínithe soiléire ar aidhmeanna chlár spás do dhéagóirí. Cuidíonn comhairliúcháin duine le duine lena chinntiú go bhfuil gach spás do dhéagóirí oiriúnaithe do riachtanais a cheantair áitiúil. Rinneadh suirbhé eatramhach ar chlár spás do dhéagóirí in 2022 agus cuireadh chun cinn é trí chainéil meán sóisialta CCÁCT. Iarraidh ar dhaoine óga a dtaithí ar spásanna do dhéagóirí atá ann cheana a chomhroinnt, suíomhanna amach anseo a mholadh agus aird a tharraingt ar na gnéithe ar mhaith leo a fheiceáil a bheith tugtha san áireamh. Tá an freagra láidir a tugadh ar an suirbhé seo tar éis cabhrú le tosaíochtaí phobal na ndéagóirí a shainaithint agus CCÁCT a éascú leanúint ar aghaidh ag cur na spásanna seo atá de dhíth go géar i bhfeidhm sna háiteanna cearta.







**“Is é an súgradh an  
bealach foghlama is  
fearr lenár n-inchinn.”**

Diane Ackerman







CAIBIDIL 5

# DEISEANNA INROCHTANA AGUS COTHROMA DON SPRAOI





Is é is aidhm d'Acht Míchumais 2005 in Éirinn a chinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine atá faoi mhíchumas ar áiseanna poiblí, lena n-áirítear páirceanna, spásanna súgartha agus spásanna oscailte poiblí. Tá níos mó ná rampaí do chathaoireacha rotha agus dromchlú i gceist le dearadh cuimsitheach, bíodh is go bhfuil siad rí-thábhachtach. Déanta na fírinne, ní míchumais fhisiciúla atá i bhformhór de na míchumais ag leanaí. In Éirinn, as gach 1,000 leanbh faoi 18 mbliana d'aois, beidh míchumas ag thart ar 108 acu, agus áirítear leis sin réimse leathan riochtaí, ní hamháin míchumais choirp, ach riachtanais chognaíocha, chumarsáideacha, chéadfacha agus mhothúchána freisin. Caithfidh spás súgartha cuimsitheach an speictream leathan riachtanas sin a aithint agus freagairt dó. Ba cheart go mbeadh an caighdeán agus an réimse céanna eispéireas súgartha ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas i spás súgartha a bhfuil ag éirí leis agus atá ar fáil dá gcomrádaithe nach bhfuil faoi mhíchumas, agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt nach féidir le gach trealamh a bheith inrochtana go hiomlán ag gach duine. Trí phrionsabail an dearaidh uilíoch a chur i bhfeidhm, cabhraíonn sé le bacainní a bhaint trí dhul i ngleic leis an réimse úsáideoirí is leithne is féidir ón tús. Is iad seo a leanas 7 bprionsabal an dearaidh uilíoch:

| PRIONSABAL                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | SAMPLA DEN TIMPEALLACHT THÓGTHA                                                                                                                                                                                                                                                                    |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>1. Úsáid Chothromasach:</b> De réir dealraimh, an bhfuil an foirgneamh, an áit nó an tionscadal inúsáidte go hiomlán, agus cé chomh tarraingteach is atá sé do réimse leathan úsáideoirí éagsúla a bhfuil aoiseanna agus cumais phearsanta dhifriúla acu?                                                                          | An bhfuil na modhanna úsáide céanna ann do gach úsáideoir aon uair is féidir, agus deighilt á seachaint – mar shampla trealamh súgartha ar féidir le gach duine, beag beann ar aois, airde, cumas nó míchumas, a úsáid go héasca?                                                                  |
| <b>22. Solúbthacht Úsáide:</b> Cé chomh maith agus a oiriúnaíonn an dearadh go héasca nó a chuireann sé modhanna úsáide iolracha ar fáil chun réimse leathan roghanna aonair agus cumas a éascú?                                                                                                                                      | An bhfuil rogha modhanna úsáide ar fáil sa Chlós Súgartha, mar shampla trealamh súgartha agus na spásanna máguaird atá deartha chun freastal ar leanaí ar airdí éagsúla, iad siúd a bhfuil deacrachtaí soghluaisteacha acu, iad siúd a léann beola agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí amhairc acu? |
| <b>3. Úsáid Shimplí agus Intuigthe:</b> Cé chomh maith agus a chinntítear leis an dearadh go bhfuil sé simplí d'úsáideoirí éagsúla gnéithe tábhachtacha an fhoirgnimh, na háite nó an tionscadail a thuiscint?                                                                                                                        | Mar shampla, an bhfuil sé éasca an Clós Súgartha agus an trealamh súgartha a úsáid den chéad uair?                                                                                                                                                                                                 |
| <b>4. Faisnéis Inbhraite:</b> (Cumais chéadfacha, e.g. radharc, éisteacht, tadhall). Cé chomh maith agus a chuireann an dearadh roghanna ilúsáide ar fáil do dhaoine, go háirithe iad siúd a bhfuil teorainneacha céadfacha orthu ag aois ar bith, agus lena n-áirítear úsáid saintrealaimh nó straitéisí?                            | Mar shampla, an soláthraíonn úsáid dathanna agus ábhar codarsnacht amhairc agus/nó faisnéis thadhlach chun go mbeidh gach leanbh agus duine fásta, beag beann ar aois, airde, cumas nó míchumas, in ann a mbealach a dhéanamh tríd an gClós Súgartha go héasca?                                    |
| <b>5. Lamháltas le haghaidh Earráide:</b> (Gnéithe a chuireann úsáid shábháilte chun cinn agus a laghdaíonn riosca). Cé chomh maith agus a spreagann an dearadh an t-úsáideoir nó a chuidíonn sé leis na guaiseacha agus na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí timpisteacha nó neamhbheartaithe a íoslaghdú? | Mar shampla, an bhfuil an trealamh súgartha deartha le rochtain éasca ann, ráilí láimhe deartha go hiomchuí agus úsáid mhaith ábhar, bailchríoch agus dathanna?                                                                                                                                    |
| <b>6. Iarracht Fhisiciúil Íseal:</b> Cé chomh maith agus a chuireann an dearadh ar chumas gach úsáideoir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil neart agus seasmhacht theoranta acu, eispéireas úsáideora comordach éifeachtach a bheith acu?                                                                                             | Mar shampla, an bhfuil an trealamh súgartha éagsúil atá ar fáil éasca le húsáid ag gach leanbh agus duine fásta beag beann ar aois, airde, cumas nó míchumas?                                                                                                                                      |
| <b>7. Méid agus Spás le haghaidh Cur Chuige agus Úsáide:</b> (Rochtain agus úsáid éifeachtach do gach méid úsáideoirí) Cé chomh maith agus a chuireann an dearadh ar chumas úsáideoirí de mhéideanna éagsúla, (lena n-áirítear daoine a d'fhéadfadh saintrealamh a úsáid) an foirgneamh, an áit nó an tionscadal a úsáid?             | Mar shampla, an bhfuil na spásanna sa Chlós Súgartha deartha le toisí leordhóthanacha chun go mbeidh gach leanbh agus duine fásta, beag beann ar aois, airde, cumas nó míchumas, in ann bogadh timpeall agus an Clós Súgartha a úsáid go héasca?                                                   |



# TREALAMH INROCHTANA

Tá roinnt míreanna trealamh inrochtana ann a mbíonn tóir ag leanaí orthu, ach is féidir le trealamh atá deartha go speisialta do leanaí faoi mhíchumas leithscaradh a spreagadh agus mar sin ba cheart iad a úsáid go cúramach. Seo samplaí de threalamh inrochtana agus ionchuimsitheach a úsáidimid inár spásanna súgartha:

**Luascáin inrochtana:** áirítear leis seo luascáin le húmacha, suíocháin éagsúla do leanaí de chumais dhifriúla nó luascáin chiseáin ar féidir leo freastal ar roinnt daoine ag an am céanna. Éascaíonn sin do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu an trealamh a úsáid ar an mbealach céanna lena gcairde.



**Sleamhnán de leithead dúbailte:** Ligeann sé seo do bheirt úsáid a bhaint as ag an am céanna, rud a rachaidh chun tairbhe do leanaí a bhféadfadh níos mó ama a bheith ag teastáil uathu le dul síos nó ar mian leo a dtuismitheoirí a bheith ina dteannta.



**Roithleagán Ró Inrochtana:** Tá an trealamh seo iontach maith le haghaidh súgradh meithle agus comhordaithe. Is féidir le páistí faoi mhíchumas tairbhe a bhaint as an gcineál céanna súgartha agus a bhaineann páistí nach bhfuil faoi mhíchumas. Tá dóthain spáis sa trealamh seo do leanbh i gcathaoir rothaí. Feabhsaíonn aonaid a bhfuil imthacaí maithe acu an éascaíocht úsáide.



**Trampailín Inrochtana:** Is féidir leis an trealamh seo meáchan chathaoir rothaí linbh a iompar, agus mar gheall ar an gcaoi a bhfuil sé deartha agus tógtha, is féidir le leanbh i gcathaoir rothaí é a úsáid go neamhspleách. Is féidir le leanaí de chumais dhifriúla an trealamh seo a úsáid le chéile.





**Caisil - babhláí - sásair:** Tá mórán dearáí éagsúla díobh ann. Cuidíonn an casadh le leanaí de gach cumas a gcothromaíocht a fhorbairt agus is breá le leanaí a dteastaíonn eispéireas céadfach áirithe uathu. Cé go mb'fhéidir go mbeadh cúnamh ag teastáil ó roinnt leanaí le dul isteach sa trealamh, baineann gach leanbh taitneamh as ar an mbealach céanna.



**Boird ghainimh:** Is féidir leo a bheith curtha ar fáil ag airdí difriúla agus is féidir le leanaí d'aoiseanna agus de chumais éagsúla rochtain a fháil orthu. Tá gaineamh an-úsáideach freisin le haghaidh súgartha tógálaí. Tá clárchosáin forbartha againn ina bpoill ghainimh do chathaoireacha rothaí le go mbeidh siad in ann teacht orthu.



**Súgradh samhlaíoch:** Baineann an cineál seo súgartha le rólímirt, scéalaíocht, fantaisíocht agus gníomhaíochtaí eile ina n-úsáideann leanaí a samhlaíocht chun cásanna a chumadh nó scéalta a léiriú. Bíonn sé tábhachtach go háirithe do leanaí óga. Bíonn tionchar aige ar an gcaoi a bhfoirmítear ár n-inchinn agus bíonn tionchar aige ar shláinte níos déanaí sa saol.



Cuir trealamh cosúil le tithe súgartha, siopaí, boird, clocha, dealbha san áireamh. Spreagfaidh sé sin an tsamhlaíocht iontu.

Sampla: Sa chéad phictiúr, trí bhord simplí a chur ar fáil, d'úsáid na leanaí a samhlaíocht ar bhealaí difriúla, bhí cuid acu i spásárthach agus cuid eile i gcistin. Trí threalamh cosúil leis sin a chur ar fáil is féidir le leanaí a gcuid scéalta féin a chruthú.





# TIMPEALLACHTAÍ OIRIÚNACHA DON UATHACHAS

I gcás leanaí a bhfuil néara-éagsúlacht acu, go háirithe iad siúd a bhfuil uathachas orthu, is féidir le timpeallachtaí súgartha traidisiúnta a bheith rómhór nó deacair le bealach a dhéanamh tríothu in amanna. Cuireann spásanna súgartha atá oiriúnach do chéadfaí deiseanna ar fáil le haghaidh taiscéalaíochta agus rialála. Áirítear leis na timpeallachtaí atá oiriúnach don uathachas:

**Gnéithe céadfacha/tadhlacha:** D'fhéadfadh go mbeadh timpeallachtaí saibhre céadfacha agus spreagadh céadfach ag teastáil ó leanaí. Cuireann gaineamh, uisce nó dromchlaí uigeachta eispéireas céadfach iontach ar fáil do gach leanbh.



**Cnocáin:** I gcás roinnt leanaí uathacha, bíonn sé ina chabhair acu a bheith os cionn na gníomhaíochta agus cruthaítear cosaint ó ró-ualach céadfach, agus ligeann siad dóibh fós breathnú ar an timpeallacht agus a bhraith mar chuid di.



**Criosanna ciúine:** Ní gá go mbeadh gach cineál súgartha callánach, tá sé tábhachtach áiteanna a chur ar fáil le timpeallachtaí níos ciúine, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina limistéar suí le foscadh, tolláin, áiteanna folaithe nó limistéir adhmaid a ionchorprú sa spás súgartha. D'fhéadfadh go mbeadh spásanna ciúine gan mórán gníomhaíochta ag teastáil ó roinnt leanaí chun a leibhéal struis a laghdú.



**Teagmháil leis an Dúlra:** Tugann teagmháil leis an dúlra buntáistí tábhachtacha do leanaí a bhfuil uathachas orthu. Is féidir le spásanna súgartha nádúrtha le crainn, plandaí, gaineamh agus uisce eispéiris chéadfacha suaimhneacha a thairiscint, strus a laghdú agus súgradh samhlaíoch a spreagadh. Tugann na spásanna sin deiseanna do leanaí iniúchadh a dhéanamh agus muinín a chothú ar a luas féin freisin.



Na rialacha a bhaint: Is minic a phléann páistí le huathachas leis an domhan ar bhealaí uathúla, agus is féidir le rialacha dochta agus iad ag súgradh (m.sh., “Ná húsáid an sleamhnán ach ar an mbealach seo” nó “Níl cead casadh”) a bheith iomarcach agus a saoirse a theorannú agus iad a eisiáimh de thaisme ó pháirt iomlán a ghlacadh. D'fhéadfadh rialacha clós súgartha roinnt leanaí a eisiáimh agus mar sin ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh an oiread agus is féidir a bhaint. Bíonn imní ar thuismitheoirí faoin gcaoi a mbreathnófaí ar iompar a linbh má bhriseann siad na rialacha/coinbhinsiúin sin. Dá lú rialacha agus níos mó saorshúgartha is ea is fearr. Trí shrianta dochta a bhaint, tugaimid deis do leanaí uathacha iad féin a chur in iúl mar a cruthaíodh iad agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí atá fiúntach dóibh.



# CLÁIR CHUMARSÁIDE

Is uirlis fhísiúil é bord cumarsáide atá deartha chun cabhrú le leanaí iad féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir nó focail. Is bealach é chun súgradh a dhéanamh níos ionchuimsithí, go háirithe do leanaí neamhbhriathartha, a bhfuil deacrachtaí labhartha nó teanga acu, nó a úsáideann cineálacha malartacha cumarsáide. Ba cheart go mbeadh bord cumarsáide i ngach spás súgartha, agus seo a leanas na riachtanais ghinearálta.

## Treoir maidir le dearadh agus táirgeadh clár cumarsáide:

- Tá na cláir uile 400mm ar airde agus idir 1500mm agus 1200mm ar leithead.
- Is comharthaí alúmanaim iad le ráillí ar a gcúl agus fráma bailchríoch muilleála timpeall air, agus tá siad priontáilte agus lannaithe os a chionn. Crochtar iad ar chuailí cruach le bracanna faoi.
- Caithfear an téacs ar fad ar an saothar ealaíne a choinneáil thart ar 25mm ón imeall chun go mbeidh an fráma ann.
- Ba chóir go mbeadh pictiúir 2in2 ar a laghad i méid seachas na litreacha/uimhreacha, ar féidir iad a bheith níos lú le go n-oirfidh siad don taispeántas. Ba cheart na híomhánna a chur i láthair i ngreille le spás eatarthu. Cinnfear méid an taispeántais de réir líon na bpictiúr a bheidh air. Ba cheart go mbeadh na pictiúir mór go leor le go mbeadh na híomhánna soiléir agus an cló inléite.
- Ba cheart go mbeadh an cló idir méid 14-16 ar a laghad nuair a bheidh sé priontáilte (méid 16-24 do dhaoine le lagú radhairc) agus ba cheart go mbeadh sé ina chló Sans Serif (e.g. Arial, Helvetica, Gill Sans Verdana, Tahoma, Avante, Garde agus Futura – is dócha gurb é Arial an ceann is forleithne a úsáidtear). Maidir leis na siombailí datha, moltar cló dubh a úsáid ar na boscaí daite, is deacra cló bán ar chúlra daite a léamh.
- Tá an Ghaeilge agus an Béarla araon in úsáid, ba cheart go mbeadh an dá phíosa téacs den mhéid chéanna, beag beann ar an bhfad. Chuir mé an Béarla os cionn an phictiúir agus an Gaeilge faoina bhun.
- Tá na pictiúir dathchódaithe mar a chuirtear ar fáil. Is córas sonrach códaithe teanga é seo – tá baint ag gach dath le cuid ar leith de struchtúr abairte agus ba cheart é a phriontáil díreach mar a thaispeántar thíos gan aon athrú ar an dath ná ar an ord a chuirtear ar fáil.
- Ba cheart go mbeadh cúlra an chláir taispeána bán.
- Ba cheart go mbeadh struchtúr an taispeántais mar a chuirtear i láthair é thíos, litreacha/uimhreacha ar chlé, siombailí pictiúr sa lár agus grianghraif den trealamh súgartha ar leith ar dheis.

Photos of play equipment should be inserted here – in the same style of grid on an orange background









CA  
SÚG  
DEN





IBIDIL 6

# RADH LASMUIGH CHLÓS SÚGARTHA





# SRÁIDEANNA SPRAÍÚLA



Rinne an tionscadal píolótach Sráideanna Spráíúla, faoi stiúir Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i gcomhar le A Playful City, criosanna súgartha sealadacha a chlaoclú ar shráideanna cónaithe trí rochtain feithiclí a shrianadh ar feadh tréimhsí gearra. Tharla roinnt céimeanna den tionscnamh in 2024, ag tosú le hobair phobail agus ag críochnú le sraith imeachtaí sráide bríomhara, lena n-áirítear Lá Oscailte agus laethanta píolótacha téamacha. Bhí trealamh súgartha, ceardlanna, agus gníomhaíochtaí faoi stiúir an phobail i measc na n-imeachtaí sin, rud a mheall na céadta rannpháirtithe agus a chothaigh súgradh spontáineach lasmuigh. Dearadh an clár le bheith ar chostas íseal, ionchuimsitheach, agus éasca le hathchruthú, le brandáil fhísiúil láidir agus straitéis cumarsáide a chabhraigh le móiminteam agus infheictheacht a thógáil. Bhí an t-aiseolas ó chónaitheoirí agus ó fhoireann na comhairle araon thar a bheith dearfach. Léiríodh i suirbhéanna gur mhothaigh rannpháirtithe níos sábháilte, níos ceangailte, agus níos gníomhaí go fisiciúil le linn imeachtaí Shráid Spráíúil. Bhuaigh go leor teaghlaigh le comharsana den chéad uair, agus bhain leanaí, go háirithe iad siúd a raibh riachtanais bhreise acu, tairbhe as an tsaoirse chun súgradh amuigh faoin aer. Moladh an tionscnamh as a thionchar ar fhorbairt acmhainne, agus léiríodh spéis mhór i leanúint leis an scéim agus í a leathnú isteach in 2025. Sa deireadh thiar, ní hamháin gur chothaigh an tionscadal píolótach áthas i bpobail ach leag sé an dúshraith freisin do thionscnaimh súgartha uirbeacha níos inbhuanaithe, faoi stiúir an phobail, ar fud an chontae.

## LIBRARIES

Sna leabharlanna, táimid tiomanta don súgradh a dhéanamh mar chuid lárnach dár gcláir do leanaí. Gach maidin Aoine, cuirimid seisiúin súgartha saor in aisce ar fáil do lapadáin, agus réimse bréagán ar fáil dóibh. Maidir le leanaí níos sine, cuirimid cluichí boird agus rochtain ar ár spás gairdín lasmuigh ar fáil, rud a chruthaíonn deiseanna le haghaidh súgradh laistigh agus lasmuigh araon.

Bíonn Taiscéalaithe Céadfacha againn freisin, seisiún súgartha rialta salach agus ildánach agus atá deartha le páistí néara-éagsúla a thabhairt san áireamh. Bíonn gné oideachasúil nó ealaíon agus ceardaíochta i gceist le go leor dár n-imeachtaí atá bunaithe ar shúgradh freisin, rud a spreagann leanaí chun foghlaim agus spraoi a bheith acu.

Spreag ár rannpháirtíocht le Let's Play South Dublin muid chun seisiúin a óstáil atá tiomnaithe go hiomlán do phléisiúr an tsúgartha. Go dtí seo, bhí na nithe a leanas san áireamh:

Tógáil Dúnfort – dúnfoirt a chruthú as cairtchlár agus bileoga

Pac-Man Daonna – leagan ar mhéid duine den chluiche clasaiceach

Clocha Cora – cluiche gníomhaíochta stáisiún-bhunaithe

Coire na gCailleach – eispéireas súgartha salach

Is tionscadal atá le teacht é Nathracha agus Dréimírí Ollmhóra, cluiche eile ar mhéid nádúrtha a mbeidh teaghlaigh in ann taitneamh a bhaint as.







## CAIBIDIL 6

# CONCLÚID





Tá an súgradh riachtanach do shláinte, folláine agus forbairt leanaí agus daoine óga atá ag fás aníos inár bpobail. Leagtar amach sa Bheartas Súgartha seo fíis agus tiomantas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas maidir le deiseanna súgartha sábháilte, ionchuimsitheacha agus tarraingteacha a sholáthar a thacaíonn le hóige níos sláintiúla agus pobail níos láidre.

Bíodh is go mbeidh comhoibriú idir rannóga difriúla ag teastáil chun an beartas a chur i gcrích go héifeachtach, lena n-áirítear an Fearann Poiblí, Tithíocht, Pobal agus Pleanáil, is é príomhfhócas an bheartais seo ceanglais shoiléire agus dea-chleachtas don súgradh a chur ar bun. Chomh maith leis sin, cuireann an beartas treoir ar fáil d'fhorbróirí maidir le riachtanais súgartha i bhforbairtí nua, rud a chinntíonn go ndéantar deiseanna súgartha a chomhtháthú i bpobail nua ón tús.

Sainmhíníonn an beartas na caighdeáin chainníochta agus cháilíochta a bhfuiltear ag súil leo maidir le soláthar súgartha. Tugtar modh isteach freisin leis chun soláthar a mheas ar fud an chontae, ag baint úsáide as mapáil GIS chun ceantair a shainaithint ina bhfuil gá le súgradh breise agus tugtar comhairle maidir le soláthar súgartha inrochtana.

Leagtar béim láidir ar rannpháirtíocht an phobail, lena chinntiú go léiríonn áiseanna súgartha nua agus uasghrádaithe riachtanais agus tosaíochtaí mhuintir na háite. Tá béim curtha cheana féin ar tiomantas na Comhairle don súgradh le hinfheistíocht chaipitil de €6.25 milliún le deich mbliana anuas, rud a chuir spásanna súgartha nua, clóis súgartha uasghrádaithe, áiseanna súgartha réigiúnacha, agus spásanna tiomnaithe do dhéagóirí ar fáil ar fud an chontae.

### **Na Chéad Chéimeanna Eile**

Díreoidh an chéad chéim eile den bheartas seo ar:

- Anailís a dhéanamh ar shonraí mapála chun easnaimh i soláthar súgartha a shainaithint.
- Dul i dteagmháil le pobail chun éileamh agus tosaíochtaí áitiúla a dhéanamh amach.
- Plean soiléir a fhorbairt chun áiseanna súgartha nua a sheachadadh i gcás ina bhfuil gá agus éileamh araon sainaitheanta.
- Ag baint úsáide as an bhfaisnéis seo chun Clár nua Tógála Clós Súgartha a threorú.

Mar fhocal scoir, is doiciméad beo é an Beartas Súgartha seo. Le go bhfanfaidh sé ábhartha agus freagrúil, déanfar athbhreithniú air gach cúig bliana, ag cinntiú go leanfaidh soláthar súgartha ag forbairt i gcomhréir le hathruithe déimeagrafacha, riachtanais phobail, agus caighdeáin dea-chleachtais.

Tríd an mbeartas seo, athdhearbhaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas a tiomantas do dheiseanna súgartha bríomhara, cuimsitheacha agus inrochtana a chruthú a shaibhríonn beathaí, a fheabhsaíonn sláinte agus folláine, agus a neartaíonn pobail ar fud an chontae.













Comhairle Contae    South Dublin  
Átha Cliath Theas    County Council